

Irish translation of
Immunisation for pre-school children three years and four months old

Imdhíonadh le haghaidh leanaí réamhscoile

trí bliana agus ceithre mhí d'aois

Réamhrá

Sa bhileog seo tá fíricí ann faoin vacsaín teanndáileoige diftéire, teiteanas, triuch agus polaimiailítis agus an dara vacsaín MMR a thugtar do leanaí sula dtéann siad ar scoil. Más mian leat labhairt faoin eolas seo, téigh i dteagmháil le do dhochtúir ginearálta, cuairteoir sláinte nó altra cleachtaidh. D'fhéadfadh cuairt orthu seo a leanas a bheith úsáideach:

www.publichealth.hscni.net nó www.nhs.uk/planners/vaccinations

An vacsaín diftéire, teiteanais, treacha agus polaimiailítis

Cosnaíonn an vacsaín seo ar dhiféire, ar theiteanas, ar thriuch agus ar pholaimiailíteas. Tugtar an cuid polaimiailítis den vacsaín san instealladh céanna anois seachas de bhéal.

Ba cheart do do leanbh an teanndáileoige seo a fháil ag trí bliana agus ceithre mhí d'aois (sula dtéann siad ar scoil).

Gheobhaidh siad teanndáileoige eile i gcoinne diftéire, teiteanais agus polaimiailítis idir ceithre bliana déag d'aois agus ocht mbliana déag d'aois.

Conas a bhfuil a fhios againn go bhfuil an vacsaín seo slán agus éifeachtach?

Caithfidh vacsaín dul trí go leor tástálacha chun a sheiceáil go bhfuil sé slán agus go n-oibríonn sé sula dtugtar d'aon duine é. Leantar leis na seiceálacha seo fiú amháin i ndiaidh a thugtar an vacsaín isteach. Ní úsáidtear ach amháin na vacsaíní a phasálann na tástálacha sábháilteachta go léir. Bíonn fo-iarmhairtí ag na cógais leighis go léir, ach is iad vacsaínithe na cógais is sábháilte. Le taighde ó fud an domhain, taispeántar gurb é imdhíonadh an bealach is sábháilte le sláinte do linbh a chosaint. Féach ar an alt thíos faoi **Fo-iarmhairtí den vacsaín** le haghaidh tuilleadh faisnéise ar fho-iarmhairtí.

Chuala mé go bhfuil thiomersal i vacsaíní

Ní húsáidtear thiomersal (mearcair) níos mó i vacsaíní sa ghnáthchlár imdhíonta do leanaí. Úsáideadh mionmhéid de mhearcair ar feadh 60 bliain chun cabhrú le

vacsaín a chaomhnú. San am seo ar fad, ní raibh aon fhianaise ann riamh go ndearna sé aon díobháil. Ach, áfach tá críoch á chur ar a úsáid mar chuid den aidhm domhanda chun nochtadh do mhearcair ó fhoinsí a fhéadtar a sheachaint a laghdú.

Cad iad na galair a thugann an vacsaín cosaint uathu?

Diftéire

Is galar tromchúiseach é diftéire a mbíonn deacrachtaí anála mar thoradh air. Féadfaidh sé díobháil a dhéanamh don chroí agus don néarchóras, agus i gcásanna diana, féadtar bás a fháil mar gheall air. Sular tugadh isteach an vacsaín diftéire, bhí suas le 1,500 cás de dhiftéire gach bliain i dTuaisceart Éireann.

Teiteanas

Is galar pianmhar é teiteanas a chuireann isteach ar na matáin agus bíonn deacrachtaí anála mar thoradh air. Cuireann sé isteach ar an néarchóras agus féadtar bás a fháil mar gheall air. Tarlaíonn teiteanas nuair a théann frídíní a faightear san ithir agus san aoileach isteach sa chorp trí ghearrthacha oscailte nó dónna. Ní fhéadtar é thabhairt ó dhuine go duine ach tá sé i gcónaí ar fáil san ithir, fiú amháin sa tír seo.

Triuch

Is galar é triuch atá mar chúis le babhtaí fada casachta agus tachtá, rud a chiallaíonn go mbíonn sé níos deacra anáil. D'fhéadfadh sé a mhaireachtáil suas le 10 seachtain. Tá sé an-tromchúiseach do leanaí óga agus d'fhéadfadh leanaí atá níos lú ná bliain d'aois bás a fháil. Sular tugadh isteach an vacsaín treacha, tuairiscíodh suas le 3,500 cás de thriuch gach bliain i dTuaisceart Éireann.

Polaimiailítis

Is éard atá i bpolaimiailítis ná víreas a ionsaíonn an néarchóras agus d'fhéadfadh matáin phairiliseacha a bheith mar thoradh air. Cuireann sé isteach ar mhatáin chliabhraigh nó an intinn, d'fhéadfadh bás a fháil mar gheall ar pholaimiailítis. Sular tugadh isteach an vacsaín pholaimiailítis, tharlaigh suas le 1,500 cás de pholaimiailítis phairiliseach gach bliain i dTuaisceart Éireann.

Fo-iarmhairtí na vacsaíne

Ní bheidh fo-iarmhairtí ar bith aici ar fhormhór na leanaí, ach bíonn na leanaí uile éagsúil óna chéile. Is féidir le roinnt de na fo-iarmhairtí seo a leanas a bheith ag baint leis an vacsaín, agus bíonn siad éadrom de ghnáth:

- greannaitheacht suas go 48 uair tar éis don instealladh a fháil.
- fiabhras éadrom (féach leathanach 14)
- meall beag ag láthair an insteallta. Tá seans ann go mairfidh sé seo ar feadh roinnt seachtainí agus imeoidh sé go mall.

Má cheapann tú go raibh frithghníomhú ar bith eile ag do leanbh de bharr an vacsaín diftéire, teiteanais, treacha agus polaimiailítis agus má tá tú buartha mar gheall air, labhair le do dhochtúir ginearálta, le d'altra cleachtaidh nó le d'altra áitiúil.

Is féidir le tuismitheoirí agus cúramóirí tuairisc a dhéanamh faoi na fo-iarmhairtí amhrasta tríd an Yellow Card Scheme. Is féidir é seo a dhéanamh ar líne trí chuairt a thabhairt ar www.yellowcard.gov.uk nó trí ghlaoch a chur ar an mbeolín um Yellow

Card nó ar an saorghlao 0808 100 3352 (atá ar fáil ó Luain go dtí an Aoine 9.00am go 5.00pm).

Is annamh a bhíonn frithghníomhú ailléirgeach ag duine mar gheall ar vacsaín, amhail gríos nó tochas ar cuid den chorp nó ar fud an choirp. Agus is annamh freisin, go mbíonn frithghníomhú tromchúiseach ag leanbh don imdhíonadh, d'fhéadfadh deacrachtaí anáilaithe a bheith aige/aicí nó d'fhéadfadh sé nó sí a tnáitheadh. Glaoitear anaifiolacsas air seo.

I staidéar a rinneadh le déanaí taispeánadh go dtuairiscítear cás amháin d'anaifiolacsas as gach leathmhilliún imdhíonadh a tugtar. Cé gur cúis imní é frithghníomhú ailléirgeach, féadtar teacht as go slán agus go sciobtha le cóireáil leighis.

Is annamh a bheadh taom ag leanaí tar éis an vacsaín seo ach d'fhéadfadh sé tarlú lá nó dhó tar éis an vacsaín a fháil. De ghnáth baineann sé seo le teocht an-ard (féach ar an **alt thíos ar Cad a tharlaíonn má fhaigheann mo leanbh teocht ard tar éis an imdhíonta?**) Má bhíonn taom ag do leanbh, glaoigh ar do dhochtúir ar an bpointe. De ghnáth, tagann leanbh slán ó thaomanna go sciobtha agus go hiomlán.

Is féidir le leanaí taomanna a bheith acu am ar bith, mar sin ní amhlaidh an cás gurb é an vacsaín atá mar chúis leis an taom. Déanfaidh do dhochtúir cinneadh maidir le tuilleadh dáileog a thabhairt dod' leanbh.

An vacsaín MMR

Cosnaíonn an vacsaín MMR do leanbh in aghaidh bruitíní (M), ar leicní (M) agus ar rubella (R; bruitíní dearga).

Ba cheart do do leanbh an dara dáileog MMR a fháil ag trí bliana agus ceithre mhí d'aois (sula dtéann sé nó sí ar scoil).

Mura bhfuair do leanbh a chéad dáileog, beidh dhá dháileog ag teastáil uaidh agus mí idir an dhá dháileog.

Ó tugadh isteach an MMR anseo i 1988, ní raibh líon na leanaí a fuair na galair seo chomh íseal riamh.

Tá aimhréidh tromchúiseach ag bruitíní, leicní agus rubella.

- D'fhéadfadh bruitíní a bheith mar chúis le hionfhabhtuithe cluaise, fadhbanna riospráide agus meiningíteas/einceifilíteas (athlasadh na hinchinne). Tá seans amháin as 2,500 – 5,000 bas a fháil mar gheall ar bhrúitíní.
- D'fhéadfadh leicní a bheith mar chúis le bodhaire, de ghnáth bíonn athshlánú iomlán nó leath-athshlánú, agus i mbuachaillí níos sine agus i bhfir d'fhéadfadh magairlí tinn, ata. Ba é an chúis is mó le meiningíteas víreasach i leanaí.
- D'fhéadfadh rubella a bheith mar chúis le hathlasadh na hinchinne agus le téachtadh fola. D'fhéadfadh breith anabaí a bheith ag mná torracha nó

d'fhéadfadh fadhbanna sláinte tromchúiseacha ag a leanaí, amhail daille, bodhaire, fadhbanna croí nó lot inchinne.

Tá sé tábhachtach a bheith ar eolas agat go bhfaighidh beagnach gach leanbh nach fhaigheann an vacsaín MMR na trí ghalar go léir.

An bhfuil aon fo-iarmhairtí ag an MMR?

Cosúil le haon chógas, tá roinnt fo-iarmhairtí a bhaineann le vacsaínithe. Níl formhór na bhfo-iarmhairtí ach mionchúiseach agus ní mhaireann siad ach ar feadh tamaill bhig, m.sh., at agus dearg ag an áit ar tugadh an t-instealladh.

Is éard atá sa MMR ná trí vacsaín ar leithligh in instealladh amháin. Téann na vacsaíní i bhfeidhm ag amanna difriúla. Timpeall seachtain nó deich lá tar éis an imdhíonta MMR, d'fhéadfadh roinnt leanaí fiabhras a fháil, gríos cosúil leis na bruitíní a fháil agus b'fhéidir nach mbeidh fonn orthu ithe, agus a théann an vacsaín i bhfeidhm. Is fíor-annamh a d'fhéadfadh do leanbh gríos cosúil le spotaí ballbhrú mar gheall ar an instealladh rubella coicís i ndiaidh an MMR a fháil. De ghnáth athshlánaíonn sé é féin, ach má fheiceann tú spotaí cosúil leis seo, taispeáin iad dod' dhoctúir. Timpeall trí seachtaine i ndiaidh an t-instealladh a fháil, d'fhéadfadh an leanbh foirm éadrom de na leicní a fháil agus a théann an vacsaín leicní den MMR i bhfeidhm.

Uaireanta, bíonn droch-fhrithghníomhú ag leanaí mar gheall ar an vacsaín MMR. Gheobhaidh duine amháin as 1,000 duine taom mar gheall ar teocht ard nuair a théann an vacsaín bruitíní i bhfeidhm. (Féach ar an alt thíos faoi **Conas le fiabhras a chóireáil**). Níl aon fhianaise ann gur chúis le fadhbanna sláinte fadtéarmacha. Tá leanbh a fuair na bruitíní cúig uaire níos cosúla taom a bheith acu mar gheall ar an tinneas.

D'fhéadfadh vacsaíní a bheith mar chúis d'fhrithghníomhú ailléirgeach, ach mar atá thuasluaite, is annamh iad agus féadtar teacht as go slán agus go sciobtha le cóireáil leighis.

Tuairiscítear einceifilíteas (athlasadh na hinchinne) i gcás amháin as gach milliún imdhíonadh. Níl an ráta seo níos airde ná an seans atá ag leanbh einceifilíteas a fháil mura bhfaigheann sé/sí an vacsaín. Ach, áfach faigheann leanbh amháin as gach 5,000 leanbh einceifilíteas mar gheall ar bruitíní.

I gcomparáidí idir fo-iarmhairtí an MMR agus fo-iarmhairtí na mbruitíní, leicní ní rubella, taispeántar go bhfuil an vacsaín i bhfad níos sábháilte ná na galair.

Aimhréidh	Ráta tar éis an ghalair nádúrtha	Ráta tar éis an chéad dáileog den MMR
Taomanna (mar gheall ar teocht ard)	Duine amháin as gach 200	Duine amháin as gach 1,000
Meiningíteas /athlasadh na hinchinne (einceifilíteas)	Duine amháin as gach 200 nó duine amháin as gach 5,000	Duine amháin as gach 1,000,000
Aimhréidh atá mar cúis le téachtadh fola	Duine amháin as gach 3,000	Duine amháin as gach 24,000
Bás (ag brath ar an aois)	Duine amháin as gach 2,500 nó duine amháin as gach 5,000	Dada

Is fíor annamh na fo-iarmhairtí seo tar éis an dara dháileog den MMR.

Fíricí faoin vacsaín MMR

- Tugann an vacsaín MMR cosaint do leanaí ó bruitíní, leicní agus rubella.
- Le linn 30 bliain, tugadh níos mó ná 500 milliún dáileog den MMR i níos mó ná 100 tír. Tá taifead sábháilteachta den scoth aige.
- Níl aon fhianaise de nasc ar bith idir an MMR agus uathachas nó galar putóige.
- D'fhéadfaí a bheith díobhálach na vacsaíní a thabhairt ar leithligh. Mar gheall go mbeadh na leanaí i mbaol bruitíní, leicní nó rubella a fháil.
- Nuair atá an MMR ar fáil, ní mholann aon tír na vacsaíní a thabhairt ar leithligh.
- Sa bhliain sular tugadh isteach an MMR sa Ríoch Aontaithe fuair 86,000 leanbh na bruitíní agus fuair 16 bás mar thoradh orthu. Mar gheall nár ghlac mórán daoine an vacsaín, bhí briseadh amach le déanaí san Eoraip agus fuair roinnt leanaí bás.

Cad faoi na tuairiscí maidir le nasc idir an MMR agus uathachas?

Cé go bhfuil níos mó aitheantais á thabhairt d'uathachas, bhí an méadú ag tarlú i bhfad sular tugadh isteach an MMR. Tugann tuismitheoirí na chéad chomharthaí d'uathachas faoi deara tar éis breithlá a leanbh. De ghnáth tugtar an MMR do leanaí nuair atá siad timpeall bliain d'aois, ach níl sé sin le rá gur cúis le huathachas é an MMR.

Rinneadh taighde fairsing maidir le féidearthacht an naisc idir an vacsaín MMR agus uathachas, ina raibh na céadta míle leanbh i gceist sa Danmhairg, sa tSualainn, san Fhionlainn, i gCeanada, na Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe. Níor fuarthas aon nasc.

Aontaíonn saineolaithe ar fud an domhain, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, nach bhfuil aon nasc idir an vacsaín MMR agus uathachas.

An ndearnadh leanúint ar na leanaí sách fada i ndiaidh dóibh an MMR a fháil chun a fháil amach an bhfuil sé sábháilte?

Sna Stáit Aontaithe, tá an MMR á thabhairt ar feadh níos mó ná 30 bliain agus úsáideadh os cionn 200 milliún dáileog. San Fhionnlann, tugadh dhá dháileog den MMR ó 1982 ar aghaidh, rinneadh leanúint ar fhrithghníomhú a tuairiscíodh mar gheall ar an MMR le linn 14 bliain. Ní raibh aon tuairisc ann faoi damáiste bhuan mar gheall ar an vacsaín. Leis an bhfírinne a rá, taispeántar gur vacsaín an-éifeachtach é an MMR le taifead sábháilteachta den scoth.

Nach mbeadh sé níos fearr do leanaí na vacsaíní MMR a fháil ar leithligh?

Má thugtar na vacsaíní ar leithligh, bheadh sé instealladh i gceist seachas péire agus bheadh na leanaí i mbaol péire de na galair seo ar feadh bliain ar a laghad. Tá na galair seo tromchúiseach agus marfach fiú amháin.

Dúradh go ró-ualaítear córais imdhíonachta na leanaí nuair a thugtar trí vacsaín. Níl sé seo fíor. Ón am a rugadh na leanaí, tugann córais imdhíonachta na leanaí cosaint dóibh ó na mílte víreas agus baictéir a mbíonn timpeall orthu.

Is é an comhairle den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ná go mbeadh leanaí i mbaol dá dtugtar vacsaíní ar leithligh dóibh agus ní bheadh aon bhuntáiste ag baint leis. Ní mholann aon tír an MMR a thabhairt mar trí vacsaín ar leithligh. Níl aon fhianaise ann go bhfuil sé níos sábháilte na vacsaíní a thabhairt ar leithligh, mar sin bheimis ag déanamh níos mó díobhála ná maitheas.

An bhfuil aon fháth ann nár chóir do mo leanbh imdhíonadh MMR agus dhiftéire, teiteanas, triuch agus polaimiailítis a fháil?

Níl mórán fáthanna ann nár chóir dod' leanbh imdhíonadh a fháil. Ba chóir é a chur in iúl dod' chuaríteoir sláinte, hochtúir ginearálta nó altra cleachtaidh má tá iad seo a leanas ag do leanbh:

- teocht an-ard nó fiabhras;
- droch-fhrithghníomhú tar éis aon imdhíonta;
- ailléirge dhian d'aon rud;
- neamhord fuilithe;
- trithí nó taomanna;
- cóireáil le haghaidh ailse;
- aon tinneas a chuireann isteach ar an gcóras imdhíonachta (m.sh. leicéime, VEID nó SEIF);
- má tá do leanbh ag glacadh aon chógas leighis a chuireann isteach ar an gcóras imdhíonachta (m.sh. cóireáil nó stéaróidigh ina bhfuil ard-dáileoga iontu a thugtar tar éis trasphlandú orgáin nó le haghaidh ailse);
- aon tinneas tromchúiseach eile.

Níl sé seo le rá nach bhféadtar imdhíonadh a thabhairt dod' leanbh ach tugtar cúnaimh don dochtúir nó altra cinneadh a dhéanamh maidir le cén imdhíonadh ar fearr a thabhairt dod' leanbh agus is féidir leo aon chomhairle riachtanach a thabhairt duit. Ní chúis é stair teaghlaigh tinnis gan imdhíonadh a thabhairt dod' leanbh.

Cad a tharlaíonn má fhaigheann mo leanbh teocht ard tar éis an imdhíonta?

Ní bhaineann fo-iarmhairtí le vacsaíní de ghnáth, bíonn siad éadrom den chuid is mó agus imíonn siad go gasta. Tá seans ann go dtiocfaidh teocht ard nó fiabhras (os cionn 37.5°C) ar roinnt leanaí. Má mhothaíonn aghaidh do linbh te nuair a chuireann tú do lámh uirthi agus má bhíonn cuma dearg nó lasta air/uirthi, is cosúil go bhfuil fiabhras air/uirthi. Is féidir leat teocht an linbh a sheiceáil trí theirmiméadar a úsáid.

Tá fiabhrais an-choitianta i leanbáin agus i leanaí. Go hiondúil faigheann siad iad seo mar thoradh ar ionfhabhtuithe. Uaireanta, d'fhéadfadh taom a bheith ag leanbh mar gheall ar fhiabhras. D'fhéadfadh aon fhiabhras a bheith mar chúis leis seo, cibé atá an fiabhras ann mar thoradh ar ionfhabhtú nó vacsaín. Mar sin, tá sé tábhachtach fáil amach an bhfuil fiabhras ag do leanbh. Cuimhnigh, tá sé níos cosúla go mbeadh fiabhrais ann mar thoradh ar ghalair seachas vacsaíní.

Conas le fiabhras a chóireáil

1. Coinnigh do leanbh fionnuar trína chinntiú:

- nach bhfuil iomarca ciseal nó blaincéad orthu;
- nach bhfuil an seomra ró-the (níor chóir go mbeadh sé fuar, ach deas fionnuar).

2. Tabhair go leor deochanna fionnuara dóibh.

3. Tabhair paraicéiteamóil nó iobúpróifein leachta dóibh (iarr ar leacht saor ó siúcra). Léigh na treoracha ar an mbuidéal go cúramach agus tabhair an dáileog cheart dod' leanbh de réir a aoise. B'fhéidir go gcaithfidh tú dara dáileog a thabhairt dóibh ceithre nó sé huair ina dhiaidh sin.

Cuimhnigh níor chóir aon chógas leighis ina bhfuil aspairín ann do leanbh faoi sé mbliana déag d'aois.

Glaigh ar an dochtúir ar an bpointe má tá ceachtar dóibh seo a leanas ag do leanbh:

- teocht an-ard (os cionn 39°C);
- taom.

Má tá taom ag do leanbh, luigh iad ar a taobh in áit shlán mar d'fhéadfadh a corp preabadh nó siorcadh.

Gnáthchlár mdhíonachta don luath-óige

An aois imdhíonta	Na galair a thugann an vacsaín cosaint ina n-aghaidh	Conas a thugtar é
2 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch, poliamiaílíteas agus Hib	Instealladh amháin
	Ionfhabhtú niuimacocúil	Instealladh amháin
	Rotaivíreas	Ó bhéal
3 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch, poliamiaílíteas agus Hib	Instealladh amháin
	Meiningíteas C	Instealladh amháin
	Rotaivíreas	Ó bhéal
4 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch, poliamiaílíteas agus Hib	Instealladh amháin
	Ionfhabhtú niuimacocúil	Instealladh amháin
Díreach tar éis an chéad bhreithlá	Bruitíneach, leicneach agus rubella	Instealladh amháin
	Ionfhabhtú niuimacocúil	Instealladh amháin
	Hib agus meiningíteas C	Instealladh amháin
3 bliain and 4 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch and poliamiaílíteas	Instealladh amháin
	Bruitíneach, leicneach agus rubella	Instealladh amháin
Cailíní atá 12 go 13 bliain d'aois	Ailse ceirbheasc a bhfuil an papalómaivíreas daonna den chineál 16 nó 18 mar chúis leis	Trí instealladh thar 6 mhí
14 go 18 bliain d'aois	Teiteanas, Diftéire agus poliamiaílítis	Instealladh amháin
	Meiningíteas C	Instealladh amháin

Má tá ceann de na vacsaíní seo nach bhfuil faighte ag do pháiste, níl sé ródhéanach iad a fháil. Socraigh coinne le do DG nó le d'ionadaí sláinte.

*Cuimhnigh, áfach, nach féidir an vacsaín rotaivíris a thosú tar éis 15 seachtain d'aois. Má tá tuilleadh eolais uait maidir le himdhíonadh, téigh chuig

www.publichealth.hscni.net or www.nhs.uk/vaccinations